An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

Comhairliúchán Poiblí ar an Chiste um Aistriú Cóir an AE Ceisteanna Coitianta

2021



Clár an Ábhair

Clár an Ábhair i

1 Cad atá i gceist leis an Chiste um Aistriú Cóir an AE? 2

2 Cad atá i gceist leis an Mheicníocht um Aistriú Cóir? 2

3 Cad atá le bheith san áireamh i bPlean Críche um Aistriú Cóir? 4

4 Cá mhéad cistiú atá ar fáil in Éirinn? 4

5 Cé a bheidh i gceannas ar an Chiste agus cé hiad na daoine a mbeidh baint acu lena seachadadh? 5

6 Cén céimeanna a ghlacadh chun an tAistriú Cóir sa Lár- réigiún a chur i bhfeidhm? 5

7 Cad iad na cineálacha infheistíochtaí is féidir a bheith cistithe ag an CAC AE? 6

8 Cén ait a mbeith an Ciste um Aistriú Cóir an AE ag díriú air in Éirinn? 7

9 Cén cistiú eile atá ar fáil do ghníomhú ar son na haeráide? 8

1 Cad atá i gceist leis an Chiste um Aistriú Cóir an AE

Bunaíodh an Ciste um Aistriú Cóir an AE le déanaí faoi chreat pholasaí chomhtháthaithe an AE á leathadh amach ar fud na mBallstáit. Tá an Ciste faoi réir an Rialachán Ciste um Aistriú Cóir an AE (Rialachán 2021/1056) agus Rialachán um Sholáthairtí Coitianta (2021/1060) a leagann rialacha coitianta amach le haghaidh gach ciste um polasaí comhtháthaithe an AE. Glacadh leis na rialacháin seo i mí an Mheithimh 2021.

Dearadh an Ciste um Aistriú Cóir chun cuidiú a thabhairt do phobail ar fud na hEorpa leis na dúshláin d'athrú glais, faoi mar atá sa chuspóir chun neodracht ó thaobh na haeráide an AE, a bhaint amach roimh 2050 ar bhealach éifeachtach agus cothrom, ag cinntiú nach bhfuil duine ar bith fágtha ar chúl. Is chun na héifeachtaí diúltacha den athrú aeráide a laghdú trí thacaíocht a thabhairt do na críocha agus oibrithe is mó a bhí bainteach leo agus athrú socheacnamaíoch cothrom a chur chun cinn na haidhmeanna leis an Chiste um Aistriú Cóir. Úsáidfear é chun na héifeachtaí socheacnamaíocha atá ar na réigiúin san Eoraip a bhfuil an bhaint is mó acu ón athrú ó thaobh carbóin a mhaolú de, trí mar shampla, an athsciliú d’oibrithe a thacú, ag cuidiú le GBM chun deiseanna eacnamaíochta nua a chruthú, agus gníomhaíocht gheilleagrach a éagsúlú.

Chun na dúshláin mhóra a bhaineann leis an athrú go dtí geilleagar neodrach ó thaobh carbóin de a shárú, i dtaca le héifeachtaí fostaíochta agus eacnamaíochta go háirithe, caithfidh na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ón Chiste um Aistriú Cóir an AE a dhíriú ar na críocha a bhfuil an tionchar eacnamaíochta agus sóisialta is diúltaí ón athrú acu. Ceaptar go mbeidh tuilleadh cuidiú ag na críocha seo chun dul in oiriúint le agus chun tairbhe a bhaint as an athrú go dtí neodracht ó thaobh carbóin de mar gheall ar an laghdú agus/ nó an t-athrú ar na hearnála eacnamaíochta a bhfuil sé spleách air.

Caithfidh gach Ballstát a n-aird a thabhairt ar na hinfheistíochtaí atá beartaithe ina bPleananna Críche um Aistriú Cóir ar réigiúin ar leith nó cuid de na réigiúin agus an roghnú ar an réigiún sin a dhlisteanú bunaithe ar na héifeachtaí eacnamaíochta agus sóisialta a thagann dá bharr an t-athrú, i dtaca le caillteanas post go háirithe.

2 Cad atá i gceist leis an Mheicníocht um Aistriú Cóir?

Is ar cheann de thrí philéir den Mheicníocht um Aistriú Cóir é an Ciste um Aistriú Cóir a mholadh mar pháirt den Socrú Glas de chuid na hEorpa chun an mhian gan aon réigiún de chuid na hEorpa a fhágáil ar chúl a dhéanamh de réir mar atá an AE ag iarraidh a gcuspóirí ó thaobh na haeráide le haghaidh 2030 agus 2050. Déanann an Mheicníocht um Aistriú Cóir forbairt ar an taithí de thionscnaíochtaí sean agus nua de chuid na hEorpa a thógann teacht comhtháite go dtí an t-athrú sna réigiúin le geilleagair atá thar a bheith spleách ar ghual, móin agus an t-eastóscadh ola as sceall.

Is féidir le comhcheangal de dheontais agus iasachtaí go dtí aonáin san earnáil phoiblí a chur le hinfheistíochtaí faoin Chiste um Aistriú Cóir faoi léargas tiomanta d'ionstraim um Infheistíocht an AE (Piléar 2) nó trí Shaoráid Iasachta na hEarnála Poiblí atá faoi bhainistíocht Bhanc Infheistíochta na hEorpa (Piléar 3). Is féidir le hinfheistíochtaí a beartítear i dtionscadail níos mó a bheith níos oiriúnaí le tacaíocht a lorg ó na piléir seo, má thugann aonáin san earnáil phríobháideach níos mó nó trí chomhlachtaí poiblí go háirithe.

Faoi Philéar 2, cuirfidh an Scéim Chiste um Aistriú Cóir Infhestíochta an AE ráthaíocht bhuiséadach ar fáil faoin chlár um Infheistíocht an AE agus beidh an mol comhairleach um Infheistíochta an AE mar phointe i lárnach le haghaidh seirbhísí comhairleacha. Cuirfidh sé thart ar €1.8 billiún ó bhuiséad an AE go dtí an Clár um Infheistíocht an AE agus ceaptar go gcuirfear €45 billiún go dtí infheistíochtaí san earnáil phríobháideach den chuid is mó ar fud an AE. B'fhéidir go mbeidh, mar shampla, tionscadail le haghaidh dícharbónú, éagsúlú eacnamaíochta ar na réigiúin, fuinneamh, córas iompair agus bonneagar sóisialta san áireamh. Is féidir leis an Scéim Chiste um Aistriú Cóir Infheistíochta an AE infheistíochtaí a chur ar fáil ar thionscadail de réimse níos leithne ná an Ciste um Aistriú Cóir amháin.

Faoi Philéar 3, cuirfidh an Tsaoráid Iasachta na hEarnála Poiblí (SIEP) (Rialachán 2021/1229) €1.5Bn de dheontais ó bhuiséad an AE le chéile le 10bn de dheontais ón Bhanc Eorpach Infheistíochta. Tá sé mar aidhm ag an SIEP maoiniú fóirdheonaithe don tionscadail na hearnála poiblí a chur ar fáil ar mhaithe leis na réigiúin a mbaineann sé , ag díriú ar thionscadail nach ngineann ioncam agus nach bhfaigheadh cistiúchán. Mar shampla, infheistíochtaí i bhfuinneamh agus bonneagar iompair, líonraí teasa ceantair, athchóiriú agus insliú d'fhoirgnimh, bonneagar timpeallachta le haghaidh dramhaíl chliste agus bainistíocht uisce, an t-athrú go dtí geilleagar ciorclach, athchóiriú agus dí-éilliú ar thalamh agus an t-éiceachóras, uasoiliúint agus athoiliúint agus traenáil, agus bonneagar sóisialta cosúil le háiseanna cúraim agus tithíocht shóisialta. Is é €15milliún an méid iasachta SIEP is lú, mar sin féin, is féidir tionscadail níos lú a thacú trí scéimeanna iasachta. Má tá tú ag fáil tacaíochta faoi na Piléir Chiste um Aistriú Cóir ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoi Philéar 3.

Beidh tacaíocht chomhairleach don ullmhúchán de thionscadail roimh iarratas a dhéanamh agus an t-ullmhúchán, forbairt agus an feidhmiú de thionscadail incháilithe faoin SIEP ar fáil faoin Mol Comhairleach um Infheistíocht an AE. Tá níos mó eolais ar Infheistíochtaí an AE ar fáil ón suíomh gréasáin an Mol Comhairleach ag europa.eu/investeu/investeu-advisory-hub_en.

Tá an Mheicníocht um Aistriú Cóir dírithe ar Phleananna Críche um Aistriú Cóir. Is féidir le tionscadail sa réigiún a aimsíodh sa Phlean Críche um Aistriú Cóir, nó tionscadail a fhaigheann leas díreach as na réigiúin sin fiú mura bhfuil siad suite sna réigiúin leo féin, tacaíocht ón Scéim Chiste um Aistriú Cóir Infheistíochta an AE nó an tSaoráid Iasachta na hEarnála Poiblí nuair atá Plean Críche um Aistriú Cóir na hÉireann uchtaithe ag an Choimisiún Eorpach.

3 Cad atá le bheith san áireamh i bPlean Críche um Aistriú Cóir?

Mar atá leagtha amach sa Rialachán Ciste um Aistriú Cóir an AE, caithfidh na Pleananna Críche um Aistriú Cóir a ullmhú de réir theimpléad coitianta le heolas ar leith san áireamh. Leis seo tá:

- Cuid 1: achoimre ar an phróiseas athruithe, an chríocha a raibh an bhaint dhiúltach is mó leis
- Cuid 2: an tionchar eacnamaíochta, sóisialta agus críche den athrú, na riachtanais agus cuspóirí forbartha roimh 2030, comhsheasmhacht le straitéisí agus pleananna réigiúnacha agus críche, an cineál oibríochtaí a shamhlú.
- Cuid 3: meicníochtaí rialachais.

Beidh an Clár CAC an AE bunaithe ar an Phlean Ciste um Aistriú Cóir agus caithfidh sé a bheith ullmhaithe de réir riachtanais an Rialacháin um Sholáthairtí Coitianta an AE. Caithfidh gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht acu atá ceangailte leis an chuspóir ar leith den CAC agus a bheith bainteach leis an Phlean Ciste um Aistriú Cóir a chur i bhfeidhm.

Thug an Coimisiún Eorpach cuireadh do na Ballstáit iarratas a dhéanamh don Chlár um Thacaíocht Leasaithe Struchtúrach le haghaidh tacaíochta sa bhailiúchán d'eolas chun cuidiú leis an ullmhúchán ar phleananna críche. Roghnaigh an Coimisiún Eorpach comhairleoirí chun an bunfhianaise a fhorbairt agus bhí socruithe fairsing acu le geallsealbhóirí náisiúnta agus réigiúnacha. Tá tuairiscí ar na hascurí is tábhachtaí ar fáil anseo. Déanann na tuairiscí seo forbairt ar anailís fhairsing agus socrú poiblí a rinneadh cheana féin chun smaoineamh ar na riachtanais fhorbartha den réigiún faoin Straitéis Réigiúnacha, Spásúil agus Eacnamaíochta do Réigiún an Oirthir agus i Lár na Tíre.

4 Cá mhéad cistiú atá ar fáil in Éirinn?

Tá Éire ag súil le €84.5m a fháil ón Chiste AE le linn thréimhse an chláir 2021-2027. Caithfidh an Ciste a bheith comhaontaithe le hacmhainní náisiúnta agus beidh idir 30% go dtí 50% an ráta comhaontaithe in Éirinn. Tá rialacha ar leith ag baint leis an am a caitear an t-airgead agus ar chostais incháilithe.

5 Cé a bheidh i gceannas ar an Chiste agus cé hiad na daoine a mbeidh baint acu lena seachadadh?

Beidh freagrach ginearálta ar na polasaithe a bhaineann leis an Chiste um Aistriú Cóir in Éirinn ag an Roinn Chomhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC). Tabharfaidh Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (TROLT) tacaíocht don RCAC agus beidh sé mar Údarás Bainistíochta, atá mar riachtanas chóras bainistíochta an AE. Is feidhm thábhachtach é an tÚdarás Bainistíochta laistigh den ailtireacht ar an iomlán le haghaidh seachadadh na gcistí agus beidh ról criticiúil ag an TROLT san fhorbairt agus bainistíocht leanúnach de Chlár an CAC le haghaidh tréimhse an chláir atá le tarlú go luath mar atá leagtha síos ag an Rialachán Soláthairtí Coitianta. Is féidir leis an Rialtas comhlachtaí eile a roghnú chun eilimintí ar leith a thabhairt den Phlean Ciste um Aistriú Cóir ar an iomlán.

6 Cén céimeanna a ghlacadh chun Aistriú Cóir sa Lár- réigiún a chur i bhfeidhm?

Bhí roinnt mhaith céimeanna sa phróiseas um Aistriú Cóir go dtí seo agus tá an próiseas comhairliúcháin seo ag cur leis an obair seo agus socrú sa réigiún roimhe seo. Lorgaíodh ionchur na ngeallsealbhóirí ón réigiún lena mbaineann tacaíochtaí um Aistriú Cóir náisiúnta agus Ciste an AE. Bhí ardleibhéal de theagmháil chun tuairimí na gcónaitheoirí a spreagadh, gnólachtaí agus geallsealbhóirí tábhachtacha maidir le dúnadh den dá stáisiúin chumhachta agus tionchair a tháinig dá bharr, a rinne an Coimisinéir um Aistriú Cóir, an próiseas um Choimisiún CTRR na hEorpa (Cuidiú Teicniúla Rúnaíochta chuig Réigiúin atá ag athrú) agus CAES. Bhí an Roinn ag cur leis na comhráite seo chun dréacht den Phlean Críche um Aistriú Cóir a chruthú. Tá cúpla sprioc tábhachtacha bainte amach go dtí seo cosúil le:

- Bunaíodh an Fhoireann Athruithe Réigiúnach an Lár Tíre (FARLT) leis na hÚdaráis Áitiúla Lár Tíre sa bhliain 2018. D'oibrigh an FARLT leis an Rúnaíocht le haghaidh cláir Chuidithe Teicniúla do Réigiúin Ghuail atá ag Athrú an AE (RGA) ar chonair athruithe don Lár Tíre. D'oibrigh an FARLT go grinn leis an Choimisinéir um Aistriú Cóir chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha áitiúla agus réigiúnacha a fhorbairt.
- Ceapadh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Coimisinéir um Aistriú Cóir i mí na Samhna 2019. Bhí sé mar ról ag an Choimisinéir teagmháil a dhéanamh leis na daoine lena mbain an dlús leis an imeacht as móin a úsáid do leictreachas a

a ghineadh do réigiún an Lár Tíre agus moladh don Rialtas na heilimintí atá riachtanach d'Aistriú Cóir.

- D'fhorbair an Roinn Chomhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ciste don réigiún níos leithne i Lár na Tíre chun na héifeachtaí diúltacha de dhúnadh na stáisiúin cumhachtacha a laghdú agus ar na hoibrithe lena mbaineann sé. D'fhógair an Ciste glaoch d'iarratais agus fuair siad níos mó ná 100 iarratas ar réimse tionscadail (mar shampla, moil ghnó, bealaí glasa, uasghrádú ar hallaí pobail, athchóiriú ar shéipéil stairiúla, taighde i bhfuinneamh in-athnuaite). Tá comhaontuithe deontais sínithe le 51 tionscadal go dtí seo agus dáilteadh níos mó ná €17 milliún i gcistiúchán deontais. Tá sonraí ar thionscadail rathúla ar fáil anseo.

7 Cad iad na cineálacha infheistíochtaí is féidir a bheith cistithe ag an CAC AE?

Tá rialacha ar leith leagtha amach sna rialacháin Eorpach a mbaineann leis na cineálacha infheistíochtaí is féidir leis an Chiste um Aistriú Cóir an AE a thacú. Is féidir le scóip an Chiste na hoibríochtaí seo a leanas a thacú:

- Infheistíochtaí táiriúla i GBM, cosúil le micreaghnóthais agus tionscnaimh, agus tarlaíonn éagsúlú eacnamaíochta, nuachóiriú agus ath-chomhshó de bharr;
- Infheistíochtaí i gcomhlachtaí nua a chruthú, trí ghorlann ghnó agus seirbhísí comhairleacha, agus beidh cruthú fostaíochta ann de bharr;
- Infheistíochtaí i dtaighde agus gníomhaíochtaí nuálaíochta, trí ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde poiblí san áireamh, agus an t-athrú d'ard theicneolaíochtaí a chothú;
- Infheistíochtaí san imlonnú de theicneolaíocht, i gcórais agus i mbonneagair le haghaidh fuinneamh glan inacmhainne, i dteicneolaíochtaí le haghaidh stóráil fuinnimh agus laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa san áireamh;
- Infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite;
- Infheistíochtaí i soghluaisteacht áitiúla agus cliste;
- An t-athshlánúchán agus uasghrádú ar ghréasáin theasa ceantair ar an choinníoll go bhfuil fearais ghiniúna teasa curtha ar fáil trí fhoinsí d'fhuinneamh in-athnuaite amháin.
- Infheistíochtaí i gcúrsaí digiteacha, nuálaíocht dhigiteach agus nascacht dhigiteach;

- Infheistíochtaí san athnuachan agus dí-éilliú de láithreáin athfhorbraíochta, an t-athchóiriú ar thalamh agus, nuair atá sé riachtanach, bonneagar glas agus tionscadail le haghaidh cuspóirí eile.
- Infheistíochtaí san fheidhmiú sa gheilleagar ciorclach, ar nós trí chosc, laghdú, éifeachtúlacht acmhainne, athúsáid, deisiú agus athchúrsáil ar dhramhaíl;
- Uasoiliúint agus Athoiliúint d'oibrithe agus cuardaitheoirí poist;
- Cuidiú le post a chuardach do chuardaitheoirí poist;
- Cuimsiú gníomhach de chuardaitheoirí sa mhargadh fostaíochta;
- In éineacht leis na gníomhaíochtaí maidir le hoideachas agus ionchuimsiú sóisialta tá, infheistíochtaí i mbonneagar le haghaidh ionaid oiliúna, áiseanna maidir le cúram na leanaí agus seandaoine.

Ní féidir leis an Chiste um Aistriú Cóir tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí a mbaineann leis an táirgeadh, an phróiseáil, an t-iompar, an dáileadh, an stóráil nó dóchán de bhreoslaí iontaise; an díchoimisiúnú nó an tógáil de stáisiúin cumhachta núicléacha; loscadh dramhaíola; an déantúsaíocht, an phróiseáil agus an mhargaíocht de thobac nó táirgí tobac; nó tascanna atá i dtrioblóid mura bhfuil siad ceadaithe faoi rialacha sealadacha maidir le Státchabhair.

Leagann an Plean Críche um Aistriú Cóir réimsí téamacha inar féidir a bheith incháilithe do chistiúchán agus tugann muid cuireadh duit do thuairimí a thabhairt ar na suirbhéanna ar líne. Rinneadh aithint ar na réimsí téamacha seo sa chreat den Chlár um Thacaíocht Leasaithe Struchtúrach a thug tacaíocht do chomhairliúchán agus taighde chun cuidiú leis an ullmhúchán den Phlean. Bhí teagmháil luath le réimse leathan Roinne an Rialtais agus gníomhaireachtaí ar an cineál oibríochtaí seo. Tabhair do d'aire gur réimse de roghanna é seo agus ní bheidh an Ciste ábalta tacaíocht a thabhairt do gach ceann acu seo agus beidh próiseas mionleasuithe níos faide a dhéanamh chun na cineálacha oibríochtaí atá beartaithe sa Phlean Críche deiridh a roghnú.

8 Cén ait a mbeidh an Ciste um Aistriú Cóir an AE ag díriú air in Éirinn?

Sa Tuairisc Tuaithe um Sheimeastar Eorpach de chuid na hÉireann, chuir an Coimisiún Eorpach treoir infheistíochta ar an CAC 2021-2027 ar fáil agus leag siad amach paraiméadair an Chiste a bhí molta. D'aithin sé go mbeidh tionchar suntasach sa réigiúin Lár Tíre agus na hoibrithe ina thionscadal ginte fuinnimh ag an athrú ó fhoinsí fuinnimh atá dian ar charbón go dtí foinsí d'fhuinneamh atá níos inmharthana agus in-athnuaite.

Mhol an Coimisiún go gcaithfidh an Ciste um Aistriú Cóir a bheith dírithe ar an réigiún Lár Tíre agus ba cheart an infheistíocht sin a bheith ag lorg go mbeadh an geilleagar réigiúnaich níos nua-aimseartha agus iomaíoch agus na costais socheacnamaíoch den athrú a laghdú.

Mhol an Coimisiún go bhféadfadh príomhghníomhartha an Chiste um Aistriú Cóir a bheith ag díriú ar:

- Uasoiliúint agus athoiliúint oibrithe agus cuidiú le post a chuardach do chuardaitheoirí poist;
- Infheistíochtaí táiriúla i GBM, tionscnaimh nua san áireamh, a chuireann le héagsúlú agus ath-chomhshó eacnamaíochta;
- Comhlachtaí nua a chruthú, trí ghorlann ghnó agus seirbhísí comhairleacha;
- Infheistíochtaí i dtaighde, gníomhaíochtaí nuálaíochta agus an t-aistriú d'ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn;
- Infheistíochtaí san úsáid de theicneolaíocht agus bonneagair le haghaidh fuinneamh glan inacmhainne, sa laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite;
- Infheistíochtaí i bhfeabhsú an gheilleagair chiorclaigh, cosc, laghdú, éifeachtúlacht acmhainne, athúsáid, deisiú agus athchúrsáil ar dhramhaíl san áireamh.

Bhí aird ag an Phlean Críche um Aistriú Cóir ar mholtaí an Coimisiún Eorpaigh agus tá siad ag teacht leis an chlúdach críche den Chiste um Aistriú Cóir náisiúnta. Aithníonn sé go sealadach Oirthear na Gaillimhe, Tuaisceart Thiobraid Árann, an Longfort, Laois, Uíbh Fhailí, Iarthar Chill Dara agus Ros Comáin ar na réigiúin a mbeifear ag díriú air. Cuirfear roghnúchán an réigiún a raibh an bhaint is diúltaí aige leis trí anailís críche breise a dhéanamh chun smaoineamh ar thionchair dhiúltacha féideartha i bpáirteanna de chontaetha atá san áireamh san anailís den Choimisinéir um Aistriú Cóir agus tuairiscí CTRR an Coimisiún Eorpaigh.

9 Cén cistiú eile atá ar fáil do ghníomhú ar son na haeráide?

Tá go leor cistí náisiúnta agus réigiúnacha ag tacú le tionscadail thábhachtacha sa réigiún le cuspóirí ar leith. Tá an tSaoráid Aisghabhála agus Athléimneacht na hEorpa, an Ciste um Fhorbairt Réigiúnach na hEorpa agus an Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE+), an Plean Forbartha Náisiúnta, ionaid oiliúna agus tacaíochtaí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, tacaíochtaí d'athoiliúint agus gníomhachtú poist na Roinne Choimirce Sóisialaí, tacaíochtaí

gnó na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tacaíochtaí gnó Fiontraíochta Éireann agus CBI. Tá tacaíochtaí ar fáil chomh maith do ghníomhú ar son na haeráide trí Chlár Beatha an AE agus Ciste Nuálaíochta an AW. Tugtar tacaíocht don ghníomhú ar son na haeráide sa bhaile trí na cistí Tionscadal Éireann, an Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide, an Ciste Forbartha agus Athghiniúint Uirbeach san áireamh.

Tá Ciste um Aistriú Cóir an AE mar chuid de bheartas i bhfad níos leithne agus agus ní oibreoidh sé ina aonar. Níl sa CUAC ach ciste amháin agus ní mór dó oibriú i gcomhréir leis na cinn eile, le cur chuige comhtháite a chinntiú agus cosc a chur ar dhúbláilt cistiúcháin Beidh an DECC agus an EMRA araon ag fiosrú comhlántachtaí agus sineirgí le cistí eile de chuid an AE. Tá gealltanais shuntasacha déanta i réigiúin ar fud na hÉireann, go háirithe i gceantair thuaithe, a mbeidh tionchar dearfach acu ar réigiún agus infheistíocht a bhfuil géarghá léi a chur ar fail.

Tá an Ciste um Aistriú Cóir an AE mar pháirt de pholasaí agus creat airgeadais agus náisiúnta na hEorpa níos leithne agus ní oibreoidh sé i scoiteacht. Is ar cheann de na cistí polasaithe na hEorpa é an CAC agus caithfidh sé a oibriú i gcomhar le chéile leis na cistí polasaithe seo, ag cinntiú go bhfuil teacht comhtháite ann agus dúbláil de chistiúchán a chosc. Beidh idir an RCAC agus TROLT ag féach ar go leor comhlántaí agus sineirge le cistí an AE eile: Tá tiomantais suntasach déanta i go leor réigiún ar fud na hÉireann, go háirithe i gceantair thuaithe, atá mar thionchar dearfach ar na réigiúin níos leithne i Lár na Tíre agus infheistíocht atá ag teastáil go géar a chur ar fáil.